Parlaimint na hEorpa
2024-2029

an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2023/0441(CNS)

22.5.2026

*

DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir leis an dréacht le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2015/637 maidir leis na bearta um chomhordú agus um chomhar chun cosaint chonsalach a éascú le haghaidh shaoránaigh an Aontais nach ndéantar ionadaíocht orthu i dtríú tiortha agus Treoir (AE) 2019/997 lena mbunaítear Doiciméad Taistil Éigeandála AE
(COM(2023)0930 – C10-0027/2026 – 2023/0441(CNS))

an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir don tuairim: Lena Düpont

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir leis an dréacht le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2015/637 maidir leis na bearta um chomhordú agus um chomhar chun cosaint chonsalach a éascú le haghaidh shaoránaigh an Aontais nach ndéantar ionadaíocht orthu i dtríú tiortha agus Treoir (AE) 2019/997 lena mbunaítear Doiciméad Taistil Éigeandála AE
(COM(2023)0930 – C10-0027/2026 – 2023/0441(CNS))

(An nós imeachta reachtach speisialta – comhairliúchán)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréacht ón gComhairle (05760/2026),

– ag féachaint d'Airteagal 23(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C10-0027/2026),

– ag féachaint do Riail 84 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A10-0000/2026),

1. ag formheas an togra ón gCoimisiún arna leasú;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún a thogra a athrú dá réir, i gcomhréir le hAirteagal 293(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

3. á iarraidh ar an gComhairle a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa má tá sé ar intinn aici imeacht ón téacs atá formheasta ag an bParlaimint;

4. á iarraidh ar an gComhairle dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa arís má tá sé ar intinn aici an togra ón gCoimisiún a leasú go substaintiúil;

5. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh treorach
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gComhairle	*Leasú*
(2) Tá méadú ag teacht ar mhinicíocht	(2) Tá méadú ag teacht ar mhinicíocht

agus ar scála na ngéarchéimeanna a mbíonn iarrataí ar chosaint chonsalach ó shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu mar thoradh orthu***. Agus ceachtanna á bhfoghlaim ón taithí sin, agus chun nósanna imeachta a shimpliú do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu agus d'údaráis chonsalacha, ba cheart rialacha agus nósanna imeachta Threoir (AE) 2015/637 a nuashonrú agus a chuíchóiriú ionas go gcuirfear feabhas ar éifeachtacht sholáthar na cosanta consalaí*** do shaoránaigh den Aontas ***nach bhfuil ionadaíocht acu, go háirithe i ngéarchéimeanna. Ba cheart an úsáid is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil ar leibhéal an Bhallstáit agus an Aontais araon, go háitiúil i dtríú tíortha agus ar an leibhéal caipitiúil araon.***	agus ar scála na ngéarchéimeanna ***de gach cineál*** a mbíonn iarrataí ar chosaint chonsalach ó shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu mar thoradh orthu***, rud a dhéanann difear díreach*** do shaoránaigh den Aontas ***atá ina gcónaí go buan nó go sealadach ar an gcoigríoch.***
	Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh treorach
Aithris 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gComhairle	*Leasú*
	(2a) Agus leas á bhaint as samplaí a bhí ann le déanaí de bhainistiú rathúil géarchéimeanna agus éigeandálaí arna dhéanamh ag na Ballstáit, bíodh ionadaíocht á déanamh orthu nó ná bíodh, le tacaíocht ó thoscaireachtaí an Aontais, ó Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus ó chomhlachtaí eile de chuid an Aontais, ní mór Treoir (AE) 2015/637 a thabhairt cothrom le dáta chun na huirlisí comhordúcháin a úsáideadh go héifeachtach ó tháinig sí i bhfeidhm agus na riachtanais atá tagtha chun cinn ó shin a léiriú agus chun an bunús dlí is gá a thabhairt dóibh.
	Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh treorach
Aithris 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gComhairle	*Leasú*
	(2b) D'fhonn nósanna imeachta a shimpliú do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu agus d'údaráis chonsalacha, chun feabhas a chur ar éifeachtacht sholáthar na cosanta consalaí, go háirithe i gcásanna géarchéime, agus chun acmhainneachtaí freagartha an Aontais Eorpaigh a threisiú, ba cheart rialacha agus nósanna imeachta Threoir (AE) 2015/637 a thabhairt cothrom le dáta agus a chuíchóiriú freisin. Ba cheart an úsáid is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil ar leibhéal an Bhallstáit agus an Aontais araon, go háitiúil i dtríú tíortha agus ar an leibhéal caipitiúil araon.

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh treorach
Aithris 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gComhairle	*Leasú*
	(3a) Gan beann ar cé acu a dhéantar é mar thoradh ar fhorghníomhú na socruithe sin agus ar chomhchreataí ullmhachta, nó nach ndéantar, ba cheart do na Ballstáit agus do thoscaireachtaí an Aontais, ag gníomhú dóibh arna iarraidh sin do Bhallstát agus thar ceann Ballstáit, féachaint le sainaithint saoránach nach bhfuil ionadaíocht acu a uathoibriú a mhéid is féidir, trí úsáid a bhaint as critéir lena n-áiritheofar nach mbeidh fad an phróisis sainaitheantais ina bhac choíche ar chosaint a sholáthar. Ba cheart, dá bhrí sin, tréimhse 48 n-uair an chloig a chur i bhfeidhm chun go sroichfidh saoránach ambasáid nó consalacht

Bhallstát a náisiúntachta go sábháilte, nó chun go sroichfidh an ambasáid nó an chonsalacht sin an saoránach go sábháilte, nó tréimhse níos giorra má fhágann na himthosca áitiúla go bhfuil an teagmháil sin neamhsábháilte nó dodhéanta don saoránach, chun saoránaigh den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu a shainaithint go héifeachtúil.

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh treorach
Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gComhairle	*Leasú*
(8) Chun éifeachtacht an chirt chun cosanta consalaí a leagtar amach in Airteagal 20(2), pointe (c), CFAE a áirithiú, agus go háirithe chun a áirithiú go mbeifear ullamh i gcomhair géarchéimeanna consalacha féideartha inar ghá cúnamh a thabhairt do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu, ba cheart malartuithe maidir le hábhair atá ábhartha do na saoránaigh sin, lena n-áirítear bunú comhchreataí teagmhasacha consalacha ***agus eagrú cleachtaí consalacha***, a áireamh sa chomhar consalach áitiúil idir na Ballstáit i dtríú tíortha, agus tacaíocht acu ó thoscaireachtaí an Aontais. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh sé a bheith ábhartha go háirithe d'údaráis chonsalacha na mBallstát nach mbeidh ionadaíocht á déanamh orthu go n-áireofar iad sa chomhar consalach áitiúil sin i gcás ina mbeidh ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus freagairt i gcás géarchéime á gcomhordú. D'fhéadfaí na malartuithe sin a dhéanamh i gcomhthéacs na struchtúr comhair chonsalaigh áitiúil atá ann cheana in éineacht le malartuithe idir na Ballstáit, agus a n-inniúlacht á feidhmiú acu, maidir le hábhair chonsalacha nó	(8) Chun éifeachtacht an chirt chun cosanta consalaí a leagtar amach in Airteagal 20(2), pointe (c), CFAE a áirithiú, agus go háirithe chun a áirithiú go mbeifear ullamh i gcomhair géarchéimeanna consalacha féideartha inar ghá cúnamh a thabhairt do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu, ba cheart malartuithe maidir le hábhair atá ábhartha do na saoránaigh sin, lena n-áirítear bunú comhchreataí teagmhasacha consalacha, a áireamh sa chomhar consalach áitiúil idir na Ballstáit i dtríú tíortha, agus tacaíocht acu ó thoscaireachtaí an Aontais***. Ba cheart sásraí nó socruithe oibríochtúla a áireamh i gcreataí den sórt sin i gcónaí agus ba cheart iad a thástáil ar bhonn bliantúil ar a laghad trí chleachtaí consalacha a eagrú***. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh sé a bheith ábhartha go háirithe d'údaráis chonsalacha na mBallstát nach mbeidh ionadaíocht á déanamh orthu go n-áireofar iad sa chomhar consalach áitiúil sin i gcás ina mbeidh ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus freagairt i gcás géarchéime á gcomhordú. D'fhéadfaí na malartuithe sin a dhéanamh i gcomhthéacs na struchtúr comhair chonsalaigh áitiúil atá ann cheana in

áitiúla eile.	éineacht le malartuithe idir na Ballstáit, agus a n-inniúlacht á feidhmiú acu, maidir le hábhair chonsalacha nó áitiúla eile.
	Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh treorach
Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gComhairle	*Leasú*
(12) I gcomhthéacs an chomhair chonsalaigh áitiúil, ba cheart comhchreataí teagmhasacha consalacha a athbhreithniú ***go tráthrialta,*** agus ***a thabhairt cothrom le dáta más gá, go háirithe*** bunaithe ar thorthaí na gcleachtaí consalacha. D'fhéadfadh socruithe sonracha a bhaineann le róil na mBallstát a bheith sna comhchreataí teagmhasacha consalacha freisin, cuir i gcás an cinneadh a rinne grúpa Ballstát an comhar eatarthu a neartú ar mhaithe le hullmhacht nó freagairt i gcomhair géarchéimeanna chun a áirithiú go ndéanfaí cúnamh consalaigh a chomhordú ar bhealach éifeachtach. An tráth céanna, níor cheart a thuiscint go gcuirtear comhchreataí teagmhasacha consalacha in ionad pleananna géarchéime náisiúnta na mBallstát atá ann cheana nó go ndéanann siad difear dá bhfreagracht cúnamh consalach a chur ar fáil dá náisiúnaigh féin.	(12) I gcomhthéacs an chomhair chonsalaigh áitiúil, ba cheart comhchreataí teagmhasacha consalacha a athbhreithniú ***a mhinice is gá de réir na n-imthosca áitiúla*** agus***, in aon chás, ar bhonn bliantúil ar a laghad*** bunaithe ar thorthaí na gcleachtaí consalacha ***bliantúla***. D'fhéadfadh socruithe sonracha a bhaineann le róil na mBallstát a bheith sna comhchreataí teagmhasacha consalacha freisin, cuir i gcás an cinneadh a rinne grúpa Ballstát an comhar eatarthu a neartú ar mhaithe le hullmhacht nó freagairt i gcomhair géarchéimeanna chun a áirithiú go ndéanfaí cúnamh consalaigh a chomhordú ar bhealach éifeachtach. An tráth céanna, níor cheart a thuiscint go gcuirtear comhchreataí teagmhasacha consalacha in ionad pleananna géarchéime náisiúnta na mBallstát atá ann cheana nó go ndéanann siad difear dá bhfreagracht cúnamh consalach a chur ar fáil dá náisiúnaigh féin.
	Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh treorach
Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gComhairle	*Leasú*
(13) Le comhairle taistil, is é sin faisnéis arna heisiúint ag na Ballstáit maidir le sábháilteacht choibhneasta an taistil chuig	(13) Le comhairle taistil, is é sin faisnéis arna heisiúint ag na Ballstáit maidir le sábháilteacht choibhneasta an taistil chuig

tríú tíortha sonracha, cuirtear ar a gcumas do thaistealaithe cinneadh a bhfuil bonn eolais mhaith faoi a dhéanamh maidir le ceann scríbe taistil áirithe, lena n-áirítear tríú tíortha nach mbeidh ionadaíocht á déanamh ar Bhallstát a náisiúntachta iontu. Cé gurb iad na Ballstáit atá freagrach as comhairle taistil a eisiúint, is áisiúil go ndéantar faisnéis ***maidir leis an ábhar sin*** a mhalartú eatarthu, go háirithe i gcomhthéacs géarchéimeanna***, chun feabhas a chur ar an bhfaisnéis a thugtar*** do shaoránaigh ***nach bhfuil ionadaíocht acu***. Chun na críche sin, ba cheart do SEGS tacú leis na malartuithe faisnéise sin idir na Ballstáit, go háirithe trína ***shuíomh idirlín slán (Consular OnLine, nó 'CoOL')***. D'fhéadfaí na malartuithe sin a bhunú ar struchtúr coiteann na leibhéal riosca a léirítear sa chomhairle taistil.

tríú tíortha sonracha, cuirtear ar a gcumas do thaistealaithe cinneadh a bhfuil bonn eolais mhaith faoi a dhéanamh maidir le ceann scríbe taistil áirithe, lena n-áirítear tríú tíortha nach mbeidh ionadaíocht á déanamh ar Bhallstát a náisiúntachta iontu. ***Chun feabhas a chur ar an bhfaisnéis a sholáthraítear do shaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht acu agus*** cé gurb iad na Ballstáit atá freagrach as comhairle taistil a eisiúint, is áisiúil go ndéantar faisnéis ***atá cothrom le dáta*** a mhalartú eatarthu ***agus go bhféachfaidh siad le chéile le faisnéis chomhsheasmhach a sholáthar ar fud na modhanna cumarsáide atá ann cheana***, go háirithe i gcomhthéacs géarchéimeanna. ***Ina theannta sin, féadfaidh Ballstát a náisiúntachta an deis a thabhairt*** do shaoránaigh ***a dtaisteal chuig tríú tíortha nó a n-áit chónaithe i dtríú tíortha a chlárú***. Chun na críche sin, ba cheart do SEGS tacú leis na malartuithe faisnéise sin idir na Ballstáit, go háirithe trína ***chórais TF shlána***. D'fhéadfaí na malartuithe sin a bhunú ar struchtúr coiteann na leibhéal riosca a léirítear sa chomhairle taistil.

Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh treorach
Aithris 21a

Téacs arna mholadh ag an gComhairle	*Leasú*
(21a) D'fhéadfadh costais taistil, costais chóiríochta nó costais aistriúcháin níos airde ná mar is gnách a bheith ar na húdaráis taidhleoireachta nó chonsalacha sa Bhallstát cúnta i ndáil leis an gcosaint chonsalach a thugtar do shaoránach nach bhfuil ionadaíocht aige nó aici, i gcásanna áirithe, mar atá, gabháil, coinneáil nó i gcás inar íospartach coireachta, tionóisce nó breoiteachta tromchúisí é nó í. Mar sin féin, d'fhéadfadh na costais sin, ag brath ar na himthosca, a bheith bunriachtanach agus d'fhéadfadh údar a bheith leo chun	(21a) D'fhéadfadh costais taistil, costais chóiríochta nó costais aistriúcháin níos airde ná mar is gnách a bheith ar na húdaráis taidhleoireachta nó chonsalacha sa Bhallstát cúnta i ndáil leis an gcosaint chonsalach a thugtar do shaoránach nach bhfuil ionadaíocht aige nó aici, i gcásanna áirithe, mar atá, gabháil, coinneáil nó i gcás inar íospartach coireachta, tionóisce nó breoiteachta tromchúisí é nó í***, nó i gcás ina dteastaíonn faoiseamh nó aisdúichiú uaidh nó uaithi i gcás éigeandála***. Mar sin féin, d'fhéadfadh na costais sin, ag brath ar

freagairt sách maith a thabhairt ar an gcás aonair. Ba cheart Ballstát náisiúntachta an tsaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht aige nó aici, i gcomhthéacs an chomhairliúcháin dá bhforáiltear sa Treoir, a chur ar an eolas faoi na costais fhéideartha sin. Ba cheart don Bhallstát cúnta a bheith in ann aisíocaíocht ar na costais arda neamhghnácha sin a lorg ó Bhallstát náisiúntachta an tsaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht aige nó aici, lena n-áirítear i gcás ina gcuirtear cosc ar an saoránach nach bhfuil ionadaíocht aige nó aici gealltanas i leith aisíocaíochta a shíniú. Ba cheart do Bhallstáit náisiúntachta saoránach nach bhfuil ionadaíocht aige nó aici na costais arna dtabhú a aisíoc leis an mBallstát cúnta nó leis na Ballstáit chúnta. Ní féidir leis an mBallstát cúnta a iarraidh ar Bhallstát náisiúntachta an tsaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht aige nó aici na costais sin nach mbeadh ar náisiúnaigh an Bhallstáit cúnta a aisíoc sa chás céanna, a aisíoc. De réir phrionsabal an neamh-idirdhealaithe, ní féidir le Ballstáit náisiúntachta saoránach nach bhfuil ionadaíocht acu a iarraidh ar a saoránaigh na costais sin nach mbeadh ar náisiúnaigh an Bhallstáit chúnta a aisíoc, a aisíoc.

na himthosca, a bheith bunriachtanach agus d'fhéadfadh údar a bheith leo chun freagairt sách maith a thabhairt ar an gcás aonair. Ba cheart Ballstát náisiúntachta an tsaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht aige nó aici, i gcomhthéacs an chomhairliúcháin dá bhforáiltear sa Treoir, a chur ar an eolas faoi na costais fhéideartha sin. Ba cheart don Bhallstát cúnta a bheith in ann aisíocaíocht ar na costais arda neamhghnácha sin a lorg ó Bhallstát náisiúntachta an tsaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht aige nó aici, lena n-áirítear i gcás ina gcuirtear cosc ar an saoránach nach bhfuil ionadaíocht aige nó aici gealltanas i leith aisíocaíochta a shíniú. Ba cheart do Bhallstáit náisiúntachta saoránach nach bhfuil ionadaíocht aige nó aici na costais arna dtabhú a aisíoc leis an mBallstát cúnta nó leis na Ballstáit chúnta. Ní féidir leis an mBallstát cúnta a iarraidh ar Bhallstát náisiúntachta an tsaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht aige nó aici na costais sin nach mbeadh ar náisiúnaigh an Bhallstáit cúnta a aisíoc sa chás céanna, a aisíoc. De réir phrionsabal an neamh-idirdhealaithe, ní féidir le Ballstáit náisiúntachta saoránach nach bhfuil ionadaíocht acu a iarraidh ar a saoránaigh na costais sin nach mbeadh ar náisiúnaigh an Bhallstáit chúnta a aisíoc, a aisíoc.

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh treorach
Aithris 28

Téacs arna mholadh ag an gComhairle	*Leasú*
(28) Ós rud é go bhféadfadh cúraimí consalacha a bheith éagsúil go mór le chéile, lena gcumhdaítear cásanna íogaire mar shampla gabháil, príosúnacht, díobháil nó duine a bheith ina íospartach coireachta, is gá a áirithiú go mbeidh rochtain ag údaráis inniúla na mBallstát agus ag institiúidí agus comhlachtaí ábhartha an	(28) Ós rud é go bhféadfadh cúraimí consalacha a bheith éagsúil go mór le chéile ***de réir chomhthéacs áitiúil nó riachtanais aonair shaoránaigh an Aontais***, lena gcumhdaítear cásanna íogaire mar shampla gabháil, príosúnacht, díobháil nó duine a bheith ina íospartach coireachta, is gá a áirithiú go mbeidh rochtain ag

Aontais ar an ***bhfaisnéis*** uile is gá***, lena n-áirítear sonraí pearsanta, a theastaíonn chun go soláthrófar cosaint chonsalach do shaoránaigh den Aontas, agus gur féidir leo an fhaisnéis sin a mhalartú***. ***Sa chomhthéacs sin, ba cheart údaráis inniúla na mBallstát agus, i gcás ina soláthróidh siad tacaíocht, institiúidí agus comhlachtaí an Aontais a bheith i dteideal catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil***, i gcás ina mbeidh géarghá leis sin chun cosaint chonsalach a sholáthar don duine lena mbaineann. ***Ba cheart sonraí sláinte a chumhdach leis sin, a bhféadfadh sé nár mhór iad a phróiseáil chun cosaint chonsalach a sholáthar do shaoránach nach bhfuil ionadaíocht aige nó aici ar baineadh gortú tromchúiseach dó nó di nó ar tháinig breoiteacht thromchúiseach air nó uirthi***. Is gá íomhánna d'aghaidh duine a phróiseáil go háirithe i gcásanna ina bhfuil Doiciméad Taistil Éigeandála AE le heisiúint. ***Chun cúnamh a sholáthar do shaoránach nach bhfuil ionadaíocht aige nó aici, lena n-áirítear chun éilimh dhlíthiúla a chosaint, d'fhéadfadh sé freisin gur ghá, go heisceachtúil, próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta lena léirítear tionscnamh cinioch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach, nó ballraíocht i gceardchumann, nó sonraí a bhaineann le gnéaschlaonadh. I gcásanna áirithe, chun cúnamh consalach a sholáthar, d'fhéadfadh sé freisin gur ghá próiseáil a dhéanamh ar shonraí géiniteacha, mar shampla agus cúnamh á sholáthar i gcomhthéacs i gcomhthéacs timpistí tromchúiseacha lenar gá duine éagumasaithe a shainaithint go huathúil nó i gcomhthéacs atharthacht a shuí.*** Ar deireadh, i gcásanna consalacha a bhaineann le gabháil nó coinneáil, ***is dócha go bhféadfadh*** sé gur ghá próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus coireanna.

údaráis inniúla na mBallstát agus ag institiúidí agus comhlachtaí ábhartha an Aontais ar ***chatagóirí speisialta sonraí pearsanta agus gur féidir leo catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil agus a mhalartú agus*** an ***fhaisnéis*** uile is gá ***a mhalartú***, i gcás ina mbeidh géarghá leis sin chun cosaint chonsalach a sholáthar don duine lena mbaineann ***agus ina bhfuil sé chun leas an phobail nó ina bhfuil leas ríthábhachtach ag an ábhar sonraí mar a shonraítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2016/697 agus in Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2018/1725***. Is gá íomhánna d'aghaidh duine a phróiseáil go háirithe i gcásanna ina bhfuil Doiciméad Taistil Éigeandála AE le heisiúint. Ar deireadh, i gcásanna consalacha a bhaineann le gabháil nó coinneáil, ***d'fhéadfadh*** sé gur ghá próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus coireanna.

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh treorach
Aithris 30

Téacs arna mholadh ag an gComhairle	*Leasú*
(30) ***I gcás inar gá*** sonraí pearsanta saoránach den Aontas a aistriú***, chun cosaint chonsalach a sholáthar,*** chuig tríú tíortha nó chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta, na Náisiúin Aontaithe, mar shampla, ***atá ag comhoibriú leis na bearta freagartha i gcás géarchéime,*** ba cheart do na haistrithe sin Caibidil V de Rialachán (AE) 2016/679 agus Caibidil V de Rialachán (AE) 2018/1725 a chomhlíonadh.	(30) ***Maidir le*** sonraí pearsanta saoránach den Aontas a aistriú chuig tríú tíortha nó chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta, na Náisiúin Aontaithe, mar shampla, ***ba cheart é sin a dhéanamh go han-chúramach agus níor cheart é sin a dhéanamh ach amháin má tá tábhacht dhíreach ag baint le comhar den sórt sin maidir le cosaint chonsalach a sholáthar***. Ba cheart do na haistrithe sonraí sin Caibidil V de Rialachán (AE) 2016/679 agus Caibidil V de Rialachán (AE) 2018/1725 a chomhlíonadh ***i gcónaí***.

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh treorach
Aithris 31

Téacs arna mholadh ag an gComhairle	*Leasú*
(31) Níor cheart sonraí pearsanta arna mbailiú ag na Ballstáit chúnta, na Ballstáit náisiúntachta nó institiúidí agus comhlachtaí an Aontais a choinneáil ach a fhad is gá chun na cúraimí dá bhforáiltear sa Treoir seo a dhéanamh. I gcás ina mbainfidh na sonraí pearsanta le mionsonraí teagmhála oifigeach poiblí, mar shampla consail oinigh, ba cheart na sonraí pearsanta a choinneáil fad is atá an duine sin an ina theagmhálaí nó ina teagmhálaí ábhartha. Níor cheart go ndéanfadh anaithnidiú nó scriosadh sonraí pearsanta iarratasóirí difear do chumas na mBallstát faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Treorach seo.	(31) Níor cheart sonraí pearsanta arna mbailiú ag na Ballstáit chúnta, na Ballstáit náisiúntachta nó institiúidí agus comhlachtaí an Aontais a choinneáil ach a fhad is gá chun na cúraimí dá bhforáiltear sa Treoir seo a dhéanamh***. Go háirithe, mura gceanglaítear iad a choinneáil chun tacú le héilimh dhlíthiúla na saoránach nó chun aisíocaíochtaí ina dhiaidh ar an gcosaint chonsalach arna soláthar a láimhseáil, níor cheart sonraí pearsanta a choinneáil níos faide ná mar ba ghá chun na cineálacha éagsúla cúnaimh a sholáthar***. I gcás ina mbainfidh na sonraí pearsanta le mionsonraí teagmhála oifigeach poiblí, mar shampla consail oinigh, ba cheart na sonraí pearsanta a

choinneáil fad is atá an duine sin an ina theagmhálaí nó ina teagmhálaí ábhartha. Níor cheart go ndéanfadh anaithnidiú nó scriosadh sonraí pearsanta iarratasóirí difear do chumas na mBallstát faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Treorach seo.

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1– mír 1 – pointe 1
Treoir (AE) 2015/637
Airteagal 7 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gComhairle	*Leasú*
	2a. I gcás ina bhfuil géarchéim ann agus ina bhfuil tréimhse is faide ná 48 n-uair an chloig ann do shaoránaigh chun ambasáid nó consalacht Bhallstát a náisiúntachta a bhaint amach go sábháilte nó chun go mbeidh ambasáid nó consalacht Bhallstát a náisiúntachta in ann teacht orthu go sábháilte, measfar nach bhfuil ionadaíocht leormhaith ag na saoránaigh.
	Ag brath ar shainiúlachtaí gach iarrata ar chúnamh agus má tá contúirt ag baint leis na himthosca áitiúla nó má fhágann siad nach féidir leis na saoránaigh ambasáid nó consalacht Bhallstát a náisiúntachta a shroicheadh go sábháilte, nó nach féidir leis an ambasáid nó an chonsalacht sin na saoránaigh sin a shroicheadh go sábháilte, ní bheidh feidhm ag an tréimhse 48 n-uair an chloig agus measfar nach bhfuil ionadaíocht ag na saoránaigh.

Or. en

Réasúnú

I gcás inarb ann do ghéarchéim, ba cheart an próiseas as a n-aithnítear saoránach den Aontas mar shaoránach nach bhfuil ionadaíocht aige a choinneáil chomh simplí agus is féidir: leis na critéir ghinearálta sin, beidh na Ballstáit agus toscaireachtaí an Aontais in ann

díriú ar chosaint a chur ar fáil do shaoránaigh an Aontais tríd an bpróiseas sainaitheantais a dhéanamh chun liosta a bhunú go cuasa-uathoibríoch.

Leasú 13

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4
Treoir (AE) 2015/637
Airteagal 11 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gComhairle	*Leasú*
	2a. Leithdháilfear na hacmhainní airgeadais agus daonna is gá ar SEGS agus ar Thoscaireachtaí an Aontais chun an forchostas agus an t-ualach oibre riaracháin cothrománach breise a chumhdach.

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4
Treoir (AE) 2015/637
Airteagal 12 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gComhairle	*Leasú*
(d) cleachtaí consalacha comhpháirteacha a eagrú;	(d) cleachtaí consalacha comhpháirteacha a eagrú ***ar bhonn bliantúil ar a laghad nó a mhinice is gá***;

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4
Treoir (AE) 2015/637
Airteagal 13 – mír 2 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gComhairle	*Leasú*
	(ca) socruithe a bhaineann leis an tacaíocht atá le soláthar do shaoránaigh

	atá ag tabhairt aghaidh ar imeachtaí cúirte, i gcásanna práinneacha ar gá aird a thabhairt orthu láithreach.
	Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4
Treoir (AE) 2015/637
Airteagal 13 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gComhairle	*Leasú*
Tabharfar an comhchreat teagmhasach cothrom le dáta ***nuair*** is gá chun cosaint saoránach den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu a éascú.	Tabharfar an comhchreat teagmhasach cothrom le dáta ***ar bhonn bliantúil nó a mhinice*** is gá ***i bhfianaise na n-imthosca áitiúla,*** chun cosaint saoránach den Aontas nach bhfuil ionadaíocht acu a éascú.
	Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4
Treoir (AE) 2015/637
Airteagal 13 – mír 3 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gComhairle	*Leasú*
I dtríú tíortha nach mbeidh aon toscaireacht de chuid an Aontais iontu, is é an Cathaoirleach ar an gcomhar consalach áitiúil arna chomhaontú de bhun Airteagal ***12(3)*** a dhéanfaidh an comhordú, le tacaíocht ó SEGS.	I dtríú tíortha nach mbeidh aon toscaireacht de chuid an Aontais iontu, is é an Cathaoirleach ar an gcomhar consalach áitiúil arna chomhaontú de bhun Airteagal ***12(2)*** a dhéanfaidh an comhordú, le tacaíocht ó SEGS.
	Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4
Treoir (AE) 2015/637
Airteagal 13 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gComhairle	*Leasú*
	4a. Féadfaidh na Ballstáit, i gcomhréir lena ndlíthe náisiúnta, an deis a thabhairt dá saoránaigh a chur in iúl d'údaráis náisiúnta inniúla, trí mhodhanna agus uirlisí iomchuí, go bhfuil siad ag taisteal chuig tríú tíortha nó ina gcónaí iontu nó an taisteal nó an chónaitheacht sin a chlárú leo.

Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4
Treoir (AE) 2015/637
Airteagal 13 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gComhairle	*Leasú*
5. Tacóidh SEGS le malartú faisnéise idir na Ballstáit maidir le géarchéimeanna, lena n-áirítear ***athruithe ar a gcomhairle taistil do shaoránaigh***.;	5. Tacóidh SEGS le malartú faisnéise idir na Ballstáit maidir le géarchéimeanna, lena n-áirítear ***sásraí luathbhraite agus foláirimh a bhunú maidir le cásanna atá ag teacht chun cinn***.;

Or. en

Leasú 20

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4
Treoir (AE) 2015/637
Airteagal 13 – mír 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gComhairle	*Leasú*
	5a. Cuirfidh SEGS, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, oiliúint ullmhachta agus freagartha consalaí ar fáil d'oifigigh an Aontais.

Or. en

Leasú 21

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Treoir (AE) 2015/637
Airteagal 13 a – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gComhairle	*Leasú*
	4a. Ag gach céim de ghéarchéimeanna, déanfaidh na Ballstáit faisnéis a bhaineann lena gcomhairle taistil a mhalartú le saoránaigh agus déanfaidh siad comhordú chun comhsheasmhacht na comhairle sin a áirithiú, trí úsáid a bhaint as na modhanna agus na huirlisí iomchuí uile. Tacóidh SEGS leis na Ballstáit athruithe ar a gcomhairle taistil do shaoránaigh a chomhordú.

Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6
Treoir (AE) 2015/637
Airteagal 13 c – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gComhairle	*Leasú*
1. Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun a saoránaigh a chur ar an eolas faoin gceart atá acu a leagtar amach in Airteagal 20(2), pointe (c), CFAE.	1. Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí ***agus réamhghníomhacha*** chun a saoránaigh a chur ar an eolas faoin gceart atá acu a leagtar amach in Airteagal 20(2), pointe (c), CFAE***, go háirithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh***: ***a) faisnéis maidir leis an gceart chun cosanta consalaí a áireamh i gcomhairle taistil agus i bhfeachtais a bhaineann leis an gcosaint chonsalach;*** ***b) dul i gcomhar i bhfeachtais faisnéise le soláthraithe seirbhísí iompair paisinéirí agus moil iompair a chuireann taisteal chuig tríú tíortha ar fáil;*** ***c) ardáin dhigiteacha nó feidhmchláir mhóibíleacha a fhorbairt trína mbeidh***

rochtain thapa agus éasca ag saoránaigh an Aontais tráth ar bith ar fhaisnéis cosanta consalaí agus ar chainéil teagmhála;

d) córais fógartha uathoibríocha a fhorbairt chun faisnéis chomhthéacsaithe a chur ar fáil do shaoránaigh uile an Aontais maidir lena gcearta agus conas iad a fheidhmiú ar theacht isteach i dtríú tíortha dóibh, chomh maith le teachtaireachtaí rabhaidh fíor-ama agus moltaí i gcás géarchéime do na saoránaigh a chláraigh i gcomhréir le hAirteagal 13(4a) den Treoir seo.

Or. en

Leasú 23

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7
Treoir (AE) 2015/637
Airteagal 14 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gComhairle	*Leasú*
I gcás ina mbaineann costais níos airde ná mar is gnách, ach gur costais fhíor-riachtanacha iad a bhfuil údar leo, leis an gcosaint chonsalach a sholáthraítear do shaoránach nach bhfuil ionadaíocht aige nó aici sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 9, pointí (a) go (c), ar costais iad a bhaineann le taisteal, cóiríocht nó aistriúchán le haghaidh na n-údarás taidhleoireachta nó consalach, cuirfidh an Ballstát cúnta, i gcomhthéacs an chomhairliúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 10(2), Ballstát náisiúntachta an tsaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht aige nó aici ar an eolas faoi na costais fhéideartha sin agus féadfaidh sé, laistigh de 12 mhí ón uair a sholáthraítear an cúnamh, a iarraidh go díreach ar Bhallstát na náisiúntachta iad a aisíoc.	I gcás ina mbaineann costais níos airde ná mar is gnách, ach gur costais fhíor-riachtanacha iad a bhfuil údar leo, leis an gcosaint chonsalach a sholáthraítear do shaoránach nach bhfuil ionadaíocht aige nó aici sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 9, pointí (a) go (c) ***agus (e)***, ar costais iad a bhaineann le taisteal, cóiríocht nó aistriúchán le haghaidh na n-údarás taidhleoireachta nó consalach, cuirfidh an Ballstát cúnta, i gcomhthéacs an chomhairliúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 10(2), Ballstát náisiúntachta an tsaoránaigh nach bhfuil ionadaíocht aige nó aici ar an eolas faoi na costais fhéideartha sin agus féadfaidh sé, laistigh de 12 mhí ón uair a sholáthraítear an cúnamh, a iarraidh go díreach ar Bhallstát na náisiúntachta iad a aisíoc.

Or. en

Leasú 24

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9
Treoir (AE) 2015/637
Airteagal 16a – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gComhairle	*Leasú*
5. ***Féadfaidh*** údaráis inniúla na mBallstát ***agus institiúidí agus comhlachtaí an Aontais*** próiseáil a dhéanamh ar ***shonraí*** pearsanta ***lena léirítear tionscnamh cinioch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach, nó ballraíocht i gceardchumann, sonraí géiniteacha, sonraí bithmhéadracha chun duine nádúrtha a shainaithint go huathúil, sonraí a bhaineann leis an tsláinte nó sonraí a bhaineann le saol gnéis nó gnéaschlaonadh nó sonraí*** pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus cionta duine a bhfuil cosaint chonsalach de dhíth air i gcás ina mbeidh géarghá leis sin chun na cúraimí dá dtagraítear in Airteagail 9, 10, 11 agus 13a a dhéanamh i ndáil leis an duine sin.	5. ***Tá sé de chumhacht ag*** údaráis inniúla na mBallstát próiseáil a dhéanamh ar ***na catagóirí speisialta sonraí*** pearsanta ***mar a shainítear le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus faoi shainchúram an Airteagail sin, agus, más gá, ar shonraí*** pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus cionta duine a bhfuil cosaint chonsalach de dhíth air i gcás ina mbeidh géarghá leis sin chun na cúraimí dá dtagraítear in Airteagail 9, 10, 11 agus 13a a dhéanamh i ndáil leis an duine sin.

Or. en

Leasú 25

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9
Treoir (AE) 2015/637
Airteagal 16a – mír 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gComhairle	*Leasú*
	5a. Tugtar de chumhacht d'institiúidí agus do chomhlachtaí an Aontais próiseáil a dhéanamh ar na catagóirí speisialta sonraí pearsanta mar a shainmhínítear le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus laistigh de shainchúram an Airteagail sin, chomh maith le sonraí pearsanta, más gá,

a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus cionta duine a bhfuil cosaint chonsalach de dhíth air, i gcás ina bhfuil géarghá leis sin chun bheith in ann na cúraimí dá dtagraítear in Airteagail 9, 10, 11 agus 13a a dhéanamh i ndáil leis an duine sin.

Or. en

Leasú 26

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9
Treoir (AE) 2015/637
Airteagal 16a – mír 7 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gComhairle	*Leasú*
Chun críocha na Treorach seo, ní dhéanfaidh údaráis inniúla na mBallstát sonraí pearsanta a aistriú chuig tríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta ach amháin ***chun*** na cúraimí dá dtagraítear in Airteagail 9, 10 agus 13a a dhéanamh agus i gcomhréir le Caibidil V de Rialachán (AE) 2016/679.	Chun críocha na Treorach seo, ní dhéanfaidh údaráis inniúla na mBallstát sonraí pearsanta a aistriú chuig tríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta ach amháin ***má tá tábhacht dhíreach ag baint leis i ndáil lena gcumas*** na cúraimí dá dtagraítear in Airteagail 9, 10 agus 13a a dhéanamh agus i gcomhréir le Caibidil V de Rialachán (AE) 2016/679.

Or. en

Leasú 27

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9
Treoir (AE) 2015/637
Airteagal 16a – mír 7 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gComhairle	*Leasú*
Chun críocha na Treorach seo, ní dhéanfaidh institiúidí ná comhlachtaí an Aontais sonraí pearsanta a aistriú chuig tríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta ach amháin ***chun*** na cúraimí dá dtagraítear in Airteagail 10(1), 11 agus 13a a dhéanamh agus i gcomhréir le Caibidil V de Rialachán (AE) 2018/1725.	Chun críocha na Treorach seo, ní dhéanfaidh institiúidí ná comhlachtaí an Aontais sonraí pearsanta a aistriú chuig tríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta ach amháin ***má tá tábhacht dhíreach ag baint leis i ndáil lena gcumas*** na cúraimí dá dtagraítear in Airteagail 10(1), 11 agus 13a a dhéanamh agus i gcomhréir le Caibidil V de Rialachán (AE) 2018/1725.

Or. en

Leasú 28

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10
Treoir (AE) 2015/637
Airteagal 19 – mír 3 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gComhairle	*Leasú*
Tráth nach luaithe ná [8 mbliana tar éis sprioc-am trasuí na Treorach leasaithí], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Treoir seo agus cuirfidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.	***Faoi [5*** bliana tar éis sprioc-am sprioc-am trasuí na Treorach leasaithí], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Treoir seo agus cuirfidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. ***Déanfar tuilleadh meastóireachtaí ina dhiaidh sin ag eatraimh iomchuí d'fhonn a áirithiú go bhfanfaidh an Treoir seo cothrom le dáta agus go dtabharfar aghaidh léi ar riachtanais atá ag teacht chun cinn agus ar staideanna atá ag athrú.***

Or. en